Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meán Fómhair 2025 (OR. en)**

**12632/25**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0245(BUD)**

**FIN 1050**
**SOC 600**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 12249/25 |
| Ábhar: | Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón nGearmáin (EGF/2025/002 DE/Goodyear2) |

- *Formheas*

1. An 26 Lúnasa 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) a shlógadh, maille leis an togra comhfhreagrach maidir le haistriú leithreasuithe Uimh. DEC 12/2025[1].

2. Is é is aidhm don togra EUR 3.1 milliún a shlógadh faoi CED chun freastal ar iarratas ón nGearmáin chun an Ciste a imscaradh i ngeall ar iomarcaíochtaí oibrithe in Goodyear Germany GmbH (ar monaróir táirgí rubair agus plaisteacha é) chun cúnamh a chur ar fáil chun na 915 thairbhí spriocdhírithe a athimeascadh sa mhargadh saothair, i gcomhréir leis na critéir idirghabhála a leagtar amach i bpointe (a) d'Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) 2021/691[2].

[1] 12248/25.
[2] Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 (IO L 153, 3.5.2021, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/691/oj).

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra ag an gcruinniú a bhí aige an 12 Meán Fómhair 2025 agus bhí sé in ann é a fhormheas.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle téacs an Chinnidh maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a shlógadh, mar a leagtar amach in 12633/25 é, a fhormheas.